

**[Cuir ar Cheann Litreach na Scoile]  
Cúntóir Riachtanas Speisialta Post Sainchuspóra  
CONRADH FOSTAÍOCHTA**

Déantar an Conradh fostaíochtaí seo an **[cuir isteach dáta]** leis na páirtithe a leanas

**1.** An Bord Bainistíochta (an "**Fostóir**")

**Agus**

**2. [Cuir isteach ainm an fhostaí] ó [Cuir isteach seoladh an fhostaí]**

(an "**Fostaí**")

**1.00 COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

**1.01** Is post sainchuspóra lánaimseartha/páirtaimseartha **[Scríos mar is iomchuí][Más páirtaimseartha, cuir isteach líon na n-uaire in aghaidh na seachtaine]** é seo agus, é faoi réir na gclásal thíosluaite, cuirfear tús le fostaíocht an fhostaí **[cuir isteach dáta tosaithe na fostaíochta]**. Fostófar an fostaí ar Conradh Sainchuspóra **[cuir isteach an cuspóir a bhfuil gá ann don chonradh, m,s; chun ionadaíocht a dhéanamh ar xxxx atá ar saoire mháithreachais]**. Déanfar an conradh seo a fhoirceannadh <sup>1</sup>

- ar fhoirceannadh an sainchuspóra sin mura bhfoirceanntar é de réir fhorálacha an chonartha shainchuspóra seo

**Nó**

- ar fhoirceannadh an sainchuspóra sin nó ar **[cuir isteach an dáta]** cibé acu is túisce, mura bhfoirceanntar é de réir fhorálacha an Chonartha Shainchuspóra seo.

**1.02.** Thairis sin comhaontaíonn an fostaí nach mbainfidh forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 le foirceannadh chonartha an fhostaí, má tharlaíonn an foirceannadh sin de bhíthin **[dhul in éag an téarma/foirceannadh an tsainchuspóra]** amháin mar a dhéantar foráil dó anseo istigh. <sup>2</sup>

**1.03.** Chun críocha Alt 8 de Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Socraithe) 2003, dearbhaíonn an Fostóir nach féidir leis conradh tréimhse éiginnte a thairiscint agus mar sin tairiscítear **[an Conradh Sainchuspóra seo/an Conradh Sainchuspóra sa bhreis seo]** ar na forais oibiachtúla seo a leanas: <sup>3</sup>

Is gá don Chonradh Sainchuspóra seo

**1.3.1. [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire mháithreachais agus nach féidir a post a líonadh ar bhonn buan/chonradh téarma éiginnte agus í as láthair]**

---

<sup>1</sup> **Scríos cibé acu nach mbaineann. Úsáidtear foclaíocht an dara buaicphointe nuair a chuirtear dáta deiridh isteach.**

<sup>2</sup> **Scríos an tagairt do "dul in éag an téarma" mura iomchuí.**

<sup>3</sup> **Scríos mar is iomchuí**

- Nó<sup>4</sup>**
- 1.3.2.** [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire chúramóra agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan/chonradh téarma éiginnte agus é/í as láthair]  
**Nó**
- 1.3.3.** [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire bhreiteachta agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan agus é/í as láthair]  
**Nó**
- 1.3.4.** [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire uchtaíoch agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan agus é/í as láthair]  
**Nó**
- 1.3.5.** [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire tuismitheora agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan agus é/í as láthair]  
**Nó**
- 1.3.6.** [Chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire údaraithe agus nach féidir a post a líonadh ar bhonn buan/chonradh téarma éiginnte agus í as láthair]  
**Nó**
- 1.3.7.** [go dtí go gceapfaidh an scoil fostaí buan]
- 1.2.** Glacann an fostaí leis na forais oibiachtúla agus aontaíonn tú go dtairiscítear an conradh ar bhonn conradh sainchuspóra nach féidir é a thairiscint mar chonradh tréimhse éiginnte.
- 1.05** Go bhfuil post an fhostaí/poist na bhfostaithe a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta air/uirthi/orthu leithdháilte ag Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun freastal ar dhaltaí áirithe
- Má tharlaíonn sé le linn théarma an Chonartha Shainchuspóra seo, go laghdaítear méid uaire a leithdháiltear an duine/na ndaoine a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta air/uirthi/orthu, déanfar do uaire oibre agus do thuarastal a laghdú dá réir.
  - Má tharlaíonn sé le linn théarma an Chonradh Sainchuspóra seo, go ndéanfar post an duine/na ndaoine a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta air/uirthi/orthu a tharraingt siar, foirceannfar an Conradh Sainchuspóra seo air sin agus beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.
  - Má tharlaíonn sé le linn théarma an Chonradh Shainchuspóra seo, go dtéann an duine/na daoine a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta air/uirthi/orthu ar scor nó go n-éiríonn sé/sí/siad as an bpost (cibé ní faoi deara é), foirceannfar an Conradh Sainchuspóra seo air sin agus beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.
- 1.06** Má tharlaíonn sé le linn théarma an Chonradh Sainchuspóra seo, go ndéanfar an duine/na ndaoine a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta air/uirthi/orthu a aisghairm do scoil, foirceannfar an Conradh Sainchuspóra seo air sin agus beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.
- 1.07** Glacann an fostaí leis nach mbainfidh sé/sí aon sinsearach amach sa scoil.
- 1.08** Comhaontaíonn an scoil an fostaí a chur ar an eolas maidir le haon fholúntais ar chúntóir riachtanais speisialta a thagann chun cinn le linn an chonartha seo. Cuirfear an fostaí ar an eolas trí **[cuir isteach an tslí ina gcuirfidh an scoil múinteoirí atá**

<sup>4</sup> **Scríos mura iomchuí é. Mura bhfuil an foras oibiachtúil ar fáil sa sampla, cuir isteach an foras oibiachtúil ceart agus scríos na samplaí go léir.**

**ar chonradh shainchuspóra CRS ar an eolas maidir le folúntais ar CRS].**  
Baineann an ceanglas seo le poist bhuna agus le poist shealadacha araon.

## **2.00. PROMHADH**

**2.01.** Beidh an fostaí ar thréimhse phromhaidh ar feadh sé mhí le héifeacht ó dháta tosaithe na fostaíochta. Ag deireadh na tréimhse sin, féadfar ceapachán sainchuspóra an Fhostaí a dhearbhu. Féadfar an tréimhse phromhaidh a fhadú, gan tréimhse phromhaidh **[cuir isteach]** mhí ina hiomlán a shárú, nó féadfar fostaíocht an fhostaí a fhoirceannadh, dé réir mar a chinnfidh an Fostóir. I gcás go mbeidh feidhmíocht an fhostaí míshásúil le linn na tréimhse phromhaidh nó aon fhadú den tréimhse phromhaidh féadfar an fostaíocht a fhoirceannadh ar fhógra seachtain amháin.<sup>5 6</sup>

## **3.00. TUARASTAL**

**3.01.** Beidh an scála tuarastail i gcomhréir leis an scála tuarastail mar a bhaineann sé le CRS mar a chinnfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham. Cinnfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna incrimintí. Íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tuarastal agus na héadálacha.

**3.02.** Íocfar an tuarastal ar bhonn coicísiúil i riaráistí nó de réir mar a chinnfidh an tAire Oideachais agus Scileanna agus/nó ciorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna mar is iomchuí.

## **4.00. UAIRE OIBRE**

**4.01.** Tá ceangal ar an bhFostaí gnáthuaire ranga a oibriú, lena n-áirítear sosanna ranga agus thairis sin, bheith i láthair roimh am scoile agus ina dhiaidh chun go gcabhróidh sé/sí le hullmhú agus le glanadh suas na seomra ranga, le teacht ar scoil na bpáistí agus le scaoileadh na bpáistí srl. Is iad do ghnáthuaire oibre agus **[ ] [Cuir isteach am tosaithe]** go dtí **[ ] [Cuir isteach am críochnaithe]** go laethúil linn am téarma. Beidh do ghnáthshosanna oibre i gcomhréir le hAcht um Eagrú Ama Oibre 1997. Cinnfidh an Príomhoide amanna na sosanna seo.<sup>7</sup>

**4.02** Thairis sin, tá ceangal ar an bhfostaí bheith i láthair ar feadh cúpla lá ag tús agus ag deireadh gach téarma scoile. Féadfar na laethanta seo (12 san iomlán) a chomhcheangail, de rogha bhainistíocht na scoile, agus iad a úsáid ar bhonn solúbtha le linn na bliana chun obair atá iomchuí don ghrád a dhéanamh, oiliúint san áireamh. Ní mhairfidh na laethanta seo níos faide ná 5 lá i ndiaidh a chéile agus ní mór go dtarlóidh siad díreach roimh théarmaí na scoile nó go díreach ina ndiaidh nó taobh istigh de cúpla lá de sin.

**4.03.** Feadfaidh an fostóir a chinneadh in ionad na 12 lá a úsáid de réir clásal 4.02, go n-úsáidfear na laethanta mar bhanc uaire agus/nó laethanta (sa chás seo is ionann 12 lá agus 72 uair) agus go n-oibreoidh an fostaí na laethanta/uaire seo taobh amuigh de ghnáthuaire oscailte na scoile agus/nó den ghnáthbhliain scoile.

---

<sup>5</sup>**Ba cheart tréimhse sé mhí a bheith i gceist seachas go mairfidh an conradh níos faide ná téarma an chonartha**

<sup>6</sup>**Níor cheart go mairfeadh sé seo níos faide ná 5 mhí, i.e. níor cheart go mairfeadh an tréimhse phromhaidh ina hiomlán níos faide ná 11 mhí nó níor cheart go sáródh sé níos faide ná tréimhse an tsainchuspóra**

<sup>7</sup>**Ós rud é nach n-íoctar as sosanna, níor cheart sosanna a áireamh mar uaire oibre. Cinntigh go bhfreagraíonn na huairé atá curtha isteach agat le huairé oibre dá dtagraítear ag clásal 1.01**

- 4.04.** Is de bhreis ar uaire oibre an fhostaí mar a fhorálar ag clásal 4.01 atá na 12 lá/72 uair seo. Tá ceangal ar an bhfostaí forálacha chiorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh, maidir le húsáid na 12 lá/72 uair.
- 4.05.** I gcás gur post páirtaimseartha atá ann, is ar bhonn pro rata a bheidh an ceanglas na 12 lá/72 uair a oibriú.

## **5.00. IONAD FOSTAÍOCHTA**

- 5.01.** Is é áitreabh na scoile an gnáthionad oibre. Féadfaidh uaireanta bheith ann áfach nuair is gá do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu freastal ar ionad eile laistigh den scoil, agus i gcásanna dá leithéid féadfar ceangal a chur ar an bhfostaí dul ina dteannta go dtí a leithéid d'ionad agus filleadh leo.

## **6.00. RÚNDACHT**

- 6.01.** Táthar ag súil go gcaithfidh an Fostaí le gach rud a bhaineann le gnó na scoile agus a (h)obair sa scoil mar CRS mar chúrsaí rúnda. Féachfar ar aon sárú den cheanglas seo mar chás tromchúiseach mí-iompair.

## **7.00. CINEÁL NA HOIBRE**

- 7.01.** Leagtar amach in Aguisín 1 atá i gceangal leis seo cineál na hoibre a dhéanfaidh an Fostaí faoi threoir an Phríomhoide nó faoi threoir aon duine eile a bheidh ag gníomhú ina ionad. Ní mheastar gur liosta uileghabhálach dhualgais an Fhostaí iad na dualgais atá sannaithe.
- 7.02.** Tá an ceart ag an bhFostóir an Fostaí a athlonnú go solúbtha laistigh den scoil, chun freastal ar éilimh oibre phráinneacha agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar neamhláithreachtaí CRS eile na foirne.
- 7.03.** Sna cásanna ina mbeidh éilimh oibre ann le linn laethanta neamhtheagaisc tá an rogha ag an bhFostóir an Fostaí a chur ar dhualgais iomchuí eile CRS.

## **8.00. SAOIRE**

- 8.01.** Socrófar teidlíochtaí agus oibleagáidí saoire de réir mar a chinnfidh an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go ham agus/nó de réir chiorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## **9.00. SAOIRE MHÁITHREACHAIS**

- 9.01.** Tá ceangal ar an bhfostaí téarmaí na gcláir a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham a chomhlíonadh, maidir le teidlíochtaí um chosaint mháithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

## **10.00. CIORCLÁIN NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**

- 10.01.** Tá ceangal ar an bhfostaí téarmaí na gcláir le maidir Chúntóirí Riachtanas Speisialta a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham a chomhlíonadh.

## **11.00. PINSEAN**

- 11.01.** Socrófar cúrsaí pinsin de réir rialacha agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le pinsin do Chúntóirí Riachtanais Speisialta, mar a chinnfear iad ó

am go ham. Bainfidh téarmaí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí. (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 maidir le haois scoir.

## **12.00. LAETHANTA SAOIRE**

**12.01.** Cinnfidh an tAire Oideachais agus Scileanna agus/nó An Roinn Oideachais agus scileanna na teidlíochtaí saoire mar is iomchuí. De ghnáth is iad do tréimhsí saoire ná siúd bhaineann leis an scoil, de réir fhorálacha chlásail 4.02 go 4.05

## **13.00. NÓSANNA CASAOIDE AGUS SMACHTA**

**13.01.** Nós Casaoide. Is é an nós casaoide ná ciorclán iomchuí na Roinne Oideachais agus Scileanna a bhaineann le nósanna casaoide.

**13.02.** Nós Smachta. Is é an nós smachta ná ciorclán iomchuí na Roinne Oideachais agus Scileanna a bhaineann le nósanna smachta. Gan dochar leis sin féadfar an Fostaí a bhriseadh as a phost de bharr na gcúiseanna a leanas:

**13.02.01** Neamhinniúlacht nó drochfheidhmiú;

**13.02.02.** Mí-iompar (tromchúiseach nó leanúnach);

**13.02.03.** Éagumas

**13.02.04.** Loiceadh treoracha réasúnta a chomhlíonadh;

**13.02.05.** Aon sárú iontaoibhe;

**13.02.06.** Cúis shubstantiúil eile

## **14.00. FÓGRA FOIRCEANTA**

**14.01.** Seachas in imthosca eisceachtúla ina dtugtar bonn cirt don Fhostóir an Fostaí a fhoirceannadh láithreach tabharfar an tréimhse fhógra iomchuí don Fhostaí mar a leagtar amach san Acht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005 nuair is iomchuí. Féadfaidh fostaíocht leis an bhFostóir a fhoirceannadh trí iomarcaíocht. I gcásanna den sórt sin bainfidh téarmaí aon chomhaontas comhchoiteann maidir le hiomarcaíocht.

**14.02.** Féadfar fostaíocht a fhoirceannadh gan fógra i gcás mí-iompair thromchúisigh.

**14.03.** Nuair a bheidh sé i gceist ag fostaí a f(h)ostaíocht a fhoirceannadh, ní mór dó/di fógra ceithre seachtaine a thabhairt.

**14.04.** Ní choiscfidh aon ní sa chomhaontas seo ar cheachtar páirtí tréimhse fhógra atá níos lú a thabhairt i gcás go gcomhaontaítear go frithpháirteach é.

**14.05.** Féadfar tuarastal a íoc in ionad fógra de rogha an Fhostóra.

## **15.00. COMHAONTAS**

**15.01.** Glacaim agus aontaím le gach téarma agus coinníoll m'fhostaíochta thuasluaite

**Sínithe** \_\_\_\_\_ **Fostaí**

**Dáta** \_\_\_\_\_

**Sínithe** Don Fhostóir (Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) agus thar ceann an fhostóra.

**Dáta** \_\_\_\_\_

## AGUISÍN 1

Earcaítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta go sonrach chun cabhrú leis an scoil na seirbhísí neamhmhúinteoireachta cuí a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais mheasúnaithe oideachasúla acu. Ní mheasfar an liosta dualgas seo a bheith uileghabhálach.

Leagtar dualgais de réir rogha an Phríomhoide nó faoi threoir aon duine eile a bheidh ag gníomhú in ionad an Phríomhoide agus/nó an Fhostóra. Déanfaidh an Príomhoide nó múinteoir eile a chinnfidh an Príomhoide an obair a mhaoirsiú. Ní chiallóidh sé seo agus níl sé intuigthe go mbeidh gá ann do phríomhoide nó do mhúinteoir an fhostaí a mhaoirsiú go díreach i gcónaí.

I measc na ndualgas sin tá tascanna neamhmhúinteoireachta ar nós;

1. Seomraí ranga a ullmhú agus iad a ghlanadh suas.
2. Cabhrú le páistí dul ar bord busanna agus tuirling uathu. Nuair a bheidh gá ann dó agus de réir mar is gá, taisteal ar bhusanna scoile mar choimhdire le linn uaire scoile.
3. De réir mar is gá cúnamh speisialta a thabhairt do pháistí a bhuaile deacrachtaí ar leith acu m.s.cabhair a thabhairt le clóscríobhnoíreacht nó le scríbhneoireach nó le ríomhairí nó le trealamh eile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
4. Cúnamh a thabhairt le héadaí, le beathú, le hoiliúint ar úsáid leithris, le sláinteachas ginearálta agus go mbeidh tú tuisceanach ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta.
5. Cúnamh a thabhairt le cuairteanna laistigh den scoil, le siúlóidí le scrúduithe agus le gníomhaíochtaí eile den sórt sin.
6. Cabhrú le múinteoirí daltaí a mhaoirsiú le linn tionóil, spraoi agus nuair a scaoiltear daltaí ón seomra ranga ar chúis amháin nó ar chúis eile.
7. Dul i dtionlacan duine aonair nó ghrúpaí eile ar gá iad a thógáil go sealadach ón seomra ranga ar chúis amháin nó ar chúis eile.
8. Cúnamh ginearálta a thabhairt do mhúinteoirí ranga le dualgais den chineál neamhmhúinteoireachta, faoi threoir an Phríomhoide. (Ní féidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta ghníomhú mar mhúinteoirí ionaid nó mar mhúinteoirí sealadacha í gcúinsí ar bith ná fágtar iad i gceannas aonair ar rang ná ar ghrúpa páistí)
9. Rannpháirtíocht le planáil forbairt scoile, nuair is iomchuí, agus comhoibriú lena leithéid d'athruithe maidir le beartais agus le nósanna a eascraíonn ón bpróiseas forbairt scoile.
10. Rannpháirtíocht le tuismitheoirí na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, i struchtúir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon mar is gá agus mar a threoirfidh Bainistíocht na scoile.
11. Aon dualgas eile atá iomchuí don ghrád mar a chinnfear le riachtanais na ndaltaí agus na scoile ó am go ham. Féadfaidh obair eile atá iomchuí don ghrád a thabhairt don Fhostaí nuair atá daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu as láthair nó i gcásanna áirithe a mbeidh cúraimí oibre práinneacha i gceist.
12. Áitítear leis seo na dualgais is gá dóibh chun tacú le riachtanais chúraim daltaí bodhra nó iad a bhfuil fadhb éisteachta acu agus daltaí dalla agus lagamhairc.

Is cuid de ghnáthraon dhualgais an CRS an liosta(neamh-uileghabhálach) a leanas, agus féadfar iad a chomhlíonadh aon uair le linn gnáthuaire oibre. Ar an gcuma chéanna ós rud é gur féidir na dualgais seo (chomh maith leis na dualgais thuasluaite) a chomhlíonadh ag amanna nach bhfuil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i láthair, is dualgais iomchuí iad len iad a dhéanamh le linn an 12 lá/72 uair;-

### **ROS(Riachtanais Oideachas Speisialta) (gníomhaíocht daltalárnach**

- Bheith rannpháirteach maidir le riachtanais chúraim chun Pleananna Oideachais don Dalta Aonair a ullmhú;
- Cabhair le pleanáil chúram
- Cúnamh agus eolas a thabhairt maidir le riachtanais chúraim chun tuairiscí agus comhaid fiseolaíocha agus scoile a ullmhú.
- Cabhair a thabhairt leis an bpróiseas aistrithe maidir le riachtanais chúraim daltaí atá ag bogadh chun na scoile nó iad ag bogadh ón scoil;
- Cabhair a thabhairt do dhaltaí ROS a gcuid oibre a thaispeáint;
- Cabhair le hanailís a dhéanamh ar thinreamh na nDaltaí ROS
- Cabhair le múinteoirí agus/nó an Príomhoide dialann agus córas monatóireachta aonfhoirmeach a choinneáil do dhaltaí ROS;
- Cabhair leis an bPríomhoide nó le múinteoir eile ainmnithe ag an bPríomhoide chun prófilí faisnéise ar dhaltaí ROS a ullmhú;
- Cabhair le heolas a chur le chéile don fhoireann nuair a fhillann siad ar an rang don scoilbhliain nua faoi threoir an Phríomhoide nó an mhúinteora eile ainmnithe m.s. mír faoi leith i lámhleabhair na foirne, go háirithe maidir leis an gcúram agus leis an gcabhair atá de dhíth ar dhaltaí ROS sa rang;

#### **Acmhainní foghlama a riaradh;**

- An seomra ranga, seomra acmhainní, seomra tacaíocht foghlama, seomraí ranga NSU agus aon seomra eile a úsáidtear do dhaltaí ROS , agus an trealamh cuí agus na hacmhainní a úsáidtear, iad siúd a bhaineann le TFC, a ullmhú, iad a eagrú agus iad a ghlanadh suas;
- Abhair agus trealamh a ullmhú i seomraí ranga a úsáideann daltaí ROS, lena n-áirítear aon trealamh speisialaithe a úsáideann daltaí ROS, m.s. méarchláir ríomhairí, deasca speisialta.
- Cabhair a thabhairt do dhaltaí ROS maidir lena n-ábhair ranga, a dtaispeántais, a gcláir, a leabhair a chur le chéile agus a n-ábhair a ullmhú don rang;

#### **Pleanáil agus forbairt ranga agus scoile;**

- Rannpháirtíocht le pleanáil forbairt scoile agus forbairt beartas, nuair is iomchuí, lena n-áirítear an cúnamh faoi leith atá de dhíth ar dhaltaí ROS chun páirt iomlán a ghlacadh sa scoil.
- Pleanáil do ranganna an chéad lae eile; go háirithe nuair a bheidh riachtanais chúraim no chúnaimh sa bhreis ag teastáil do ranganna nó do thionscadail áirithe;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an múinteoir ranga;
- Idirchaidrimh a dhéanamh le múinteoirí eile ar nós múinteoirí acmhainne agus/nó an Príomhoide;
- Cruinnithe le tuismitheoirí nuair is iomchuí trí chomhaontú agus faoi threoir an Phríomhoide agus/nó an múinteoir ranga;
- Ullmhú do agus freastal ar chruinnithe na foirne iomláine agus chruinnithe foirne;
- Rannpháirtíocht i agus cúnamh a thabhairt do struchtúir feidhmíochta na scoile atá curtha ar bun chun imeascadh agus rannpháirtíocht na ndaltaí ROS a éascú;

#### **Scrúduithe (idir scrúduithe Stáit agus Scoile araon);**

- Cabhair le hIonad Scrúduithe Speisialta agus le hionaid chóiríochta iomchuí do scrúduithe a shocrú;
- Cabhair chun cinntiú go bhfuil Ionad Scrúduithe Speisialta eagraithe i gceart, agus go bhfuil daltaí ROS lena CRS atá acu i láthair agus go bhfuil an trealamh iomchuí acu;
- Nuair a chuirtear seomraí in oiriúint d'úsáid mar ionaid speisialta, cabhair a thabhairt na seomraí sin a chur ar ais do ghnáthúsáid na scoile nuair a bheidh na scrúduithe thart;

#### **Oiliúint agus Forbairt:**

- Oiliúint (arna sainordáítear í ag leibhéal náisiúnta nó ag leibhéal na scoile);
- CRS eile na scoile a chur ar an eolas maidir le dea-chleachtas bunaithe ar eolas gairmiúil agus ar eolas eispéreasach maidir le riachtanais oideachasúla agus cúraim na ndaltaí ROS, trí chomhaontú an Phríomhoide agus/nó an múinteoir ranga;
- Scileanna breise a fhoghlaim in úsáid TFE mar uirlis foghlama do dhaltaí ROS.

#### **Eile**



- Aon obair eile atá iomchuí don ghrád mar a chinnfear le riachtanais na ndaltaí ROS agus na scoile.